Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**10142/24**

**ESPACE 52**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 23 Bealtaine 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9318/24 |
| Ábhar: | Iomaíochas na hEorpa a neartú tríd an Spás<br>- Conclúidí ón gComhairle (arna bhformheas an 23 Bealtaine 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le h*Iomaíochas na hEorpa a neartú tríd an Spás*, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4026ú cruinniú dá cuid an 23 Bealtaine 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le 'hiomaíochas na hEorpa a neartú tríd an spás'**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI

A. an Coinbhinsiún lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis, 1975;

B. an Creat-Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach – arb é an tAontas Eorpach a tháinig ina dhiaidh – agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis, a tháinig i bhfeidhm in 2004 agus atá 20 bliain ar an bhfód i mbliana;

C. an Comhaontú idir an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis agus an tAontas Eorpach maidir le slándáil agus malartú faisnéise rúnaicmithe, a tháinig i bhfeidhm in 2008;

D. an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tháinig i bhfeidhm in 2009;

**I. Rannchuidiú an spáis le hiomaíochas na hEorpa agus le dúshláin shochaíocha**

1. TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS claochlú earnáil an spáis ar fud an domhain chomh maith leis an ról nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo atá ag an spás chun rathúnas, iomaíochas, sábháilteacht, slándáil agus cinnteoireacht neamhspleách na hEorpa a chinneadh; TUGANN SÍ DÁ hAIRE a láidre atá earnáil spáis na hEorpa agus a fheabhas atá sí ó thaobh teicneolaíocht spáis, eolaíochta, taighde, scileanna, seirbhísí agus cur i bhfeidhm, chomh maith lena tionscal spáis, rud atá láidir éagsúlaithe; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá cláir Eorpacha spáis ó thaobh beartas agus gníomhaíocht straitéiseach agus chun an Eoraip agus an tionscal spáis inti a dhéanamh níos athléimní agus níos iomaíche; MEABHRAÍTEAR DI gur cheart na cláir sin a bheith chun sochair do Bhallstáit uile na Gníomhaíochta Eorpaí Spáis (GES) agus an Aontais Eorpaigh (AE) agus go gcuirfidh siad rochtain chuimsitheach ar na céimeanna éagsúla ar fáil i gcomhréir leis na rialacha faoi seach agus urraim iomlán á tabhairt dá socruithe institiúideacha agus a gcreataí oibríochtúla;

2. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil ról lárnach ag cumais spáis ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal GES agus ar leibhéal na mBallstát maidir le beartais agus gníomhaíocht straitéiseach a shainiú, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu chun críocha comhair idirnáisiúnta, tairbhí socheacnamaíocha agus Eoraip níos iomaíche agus níos athléimní, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:

    a. seirbhísí spásbhunaithe a chuireann ar chumas na tionsclaíochta a bheith ar thús cadhnaíochta san fhorbairt theicneolaíoch, agus ar an gcaoi sin, iomaíochas na hEorpa a fheabhsú ar fud na n-earnálacha;

    b. cumas uathúil an spáis tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide, le cosaint an chomhshaoil agus leis an aistriú glas, lena n-áirítear tríd an rannchuidiú forleathan a dhéantar le seirbhísí agus feidhmchláir Copernicus, a fheidhmíonn mar chumasóir don Chomhaontú Glas don Eoraip, agus tríd an Luasaire Spás le haghaidh Luasaire don Todhchaí Ghlas a chur san áireamh;

c. tacú le tionchar agus ceannaireacht na hEorpa sa chaibidlíocht idirnáisiúnta a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid;

d. rannchuidiú sonraí agus seirbhísí spásbhunaithe chun cuidiú go háirithe leis an tionsclaíocht a lorg comhshaoil a laghdú trí mhonatóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí agus trí bhainistiú acmhainní nádúrtha;

e. ról an spáis mar chumasóir chun acmhainneacht iomlán an aistrithe dhigitigh a shaothrú, chun an nascacht dhomhanda a mhéadú agus chun an bhearna dhigiteach a dhúnadh, lena gceadaítear do chuideachtaí costais a laghdú agus éifeachtúlachtaí a fheabhsú trí réitigh dhigiteacha spásbhunaithe;

f. comhtháthú níos doimhne idir an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun tairbhe a bhaint as na teicneolaíochtaí is déanaí chun tuiscint a fháil ar thionchair aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear trí thrédhearcacht a sholáthar i gcásanna géarchéimeanna agus tubaistí, chomh maith le réitigh nua ar na dúshláin sin a chur ar fáil agus cuidiú le beatha daoine agus slite beatha a chosaint trí chórais spáis;

g. cumhacht chlaochlaitheach na fionnachtana eolaíche, lena rannchuidíonn an spás, chomh maith le tábhacht na heolaíochta agus na teicneolaíochta chun rannchuidiú le sochaí eolasbhunaithe;

3. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi go gcuireann an spás leis an bhfás eacnamaíoch agus le rathúnas foriomlán na hEorpa agus go bhfuil acmhainneacht mhór nuálach agus tráchtála ag baint le hearnáil spáis na hEorpa, agus go bhfuil leibhéal rannpháirtíochta príobháidí ag baint léi atá ag dul i méid ach atá teoranta fós; dá bhrí sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an fhéidearthacht atá ann tuilleadh fáis agus éagsúlaithe a dhéanamh ar an Spás Nua Eorpach, lena n-áirítear gníomhaithe spáis atá ag teacht chun cinn, chomh maith le hearnáil thraidisiúnta an spáis, ina bhfuil córais spáis, feidhmchláir, seirbhísí agus sonraí ag feidhmiú níos mó agus níos mó mar bhloc tógála bunriachtanach i margadh ilearnála; agus CUIREANN SÍ BÉIM ar an tairbhe a bhaineann leis an Eoraip a bheith ina cuan d’fhorbairt iomaíoch agus inbhuanaithe i réimse an ghnó spáis; LEAGANN SÍ BÉIM freisin ar ról GES, ról an Aontais Eorpaigh (lena n-áirítear an Coimisiún agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis) chomh maith le ról na mBallstát maidir le forbairt éiceachórais spáis Eorpaigh láidir a chothú;

4. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi gur cheart leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe earnáil an spáis chun borradh a chur faoi gheilleagar agus iomaíochas na hEorpa, agus aird á tabhairt ar na cláir agus ar na tionscnaimh náisiúnta, i gcomhthéacs na tráchtálaíochta tapa domhanda agus na hiomaíochta domhanda atá ag dul i méid in earnáil an spáis; agus MEABHRAÍTEAR DI nach mór, dá bhrí sin, réitigh spásbhunaithe a chomhtháthú ar bhealach níos láidre fós in earnálacha nach earnálacha spáis iad, agus *vice-versa*;

**II. Dlús a chur faoi iomaíochas earnáil Eorpach an spáis**

5. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi gur príomhspreagadh iad riachtanais athraitheacha úsáideoirí na n-earnálacha nach earnálacha spáis iad agus na margaí tráchtála d'earnáil spáis na hEorpa; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le glacadh na n-úsáideoirí maidir le sonraí agus seirbhísí spásbhunaithe a mhéadú trí leanúint den fheasacht a mhúscailt agus trí idirphlé a chothú i measc na n-úsáideoirí féideartha in earnálacha éagsúla maidir leis na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le sonraí agus seirbhísí spásbhunaithe atá inghníomhaithe agus faoi stiúir an úsáideora chun an t-iomaíochas a chur chun cinn ar fud na dtionscal, agus leanúint de shonraí spáis atá níos inrochtana, níos inúsáidte agus níos inghníomhaithe a fhorbairt, ar sonraí iad atá ábhartha do ghrúpaí úsáideoirí seanbhunaithe, nua agus ionchasacha araon agus chun a nglacadh a spreagadh;

6. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR nach mór d'earnáil spáis Eorpach atá iomaíoch leanúint d'infheistíochtaí agus cumais spáis (idir phoiblí agus phríobháideach) a fháil, chomh maith le hullmhacht, lena n-áirítear cumas teicniúil agus airgeadais, na hearnála príobháidí chun rioscaí a ghlacadh a áirithiú; IS DÍOL SASÁIMH DI go ndéantar aistriú freagrachta agus údaráis maidir le dearadh agus cur chun feidhme misean chuig fiontair phríobháideacha a chur chun cinn le soláthar seirbhíse méadaithe, i gcás inarb iomchuí;

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann d'oibreoirí agus do sholáthraithe seirbhíse agus feidhmchlár a bhaineann le scéimeanna soláthair do phríomhchustaiméirí agus leis an éileamh comhiomlánaithe; agus LEAGANN SÍ BEIM ar an tábhacht a bhaineann le próisis soláthair phoiblí atá oscailte, cothrom agus trédhearcach lena dtacaítear le tionscal spáis Eorpach atá éagsúlaithe agus nuálach a fhorbairt;

8. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an dul i riosca agus an comhroinnt riosca ríthábhachtach d'earnáil spáis Eorpach níos iomaíche; agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le cur chuige saincheaptha i leith rioscaí agus ceanglas, lena gcabhrófar le gnóthachain éifeachtúlachta agus le brabúsacht san earnáil sin;

9. LEAGANN SÍ BÉIM ar na scéimeanna nuálacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, cuir i gcás CASSINI agus Líonra Infheisteoirí GES, chun tacú le samhlacha comhchistiúcháin mar aon le comhiarrachtaí chun rochtain ar mhaoiniú a mhéadú do ghníomhaithe uile na hEorpa, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus lena n-áirítear trí mhaoiniú sócmhainn-bhunaithe a chothú; agus IARRANN SÍ ar an earnáil phríobháideach infheistíochtaí a ghiaráil i dtionscal spáis na hEorpa agus tacú le nuálaíocht shuaiteach agus ullmhacht theicneolaíoch a chur chun cinn; LEAGANN SÍ BÉIM ar ról na bhfiontar beag agus meánmhéide sa spás agus an méid a chuireann siad le nuálaíocht agus iomaíochas earnáil spáis na hEorpa; agus AITHNÍONN SÍ go bhfuil rath fadtéarmach na hEorpa ag brath ar leas a bhaint as acmhainneacht nuálaíochta fiontar de gach méid ar fud GES agus Bhallstáit uile an Aontais;

10. AITHNÍONN SÍ go spreagfar tuilleadh infheistíochta príobháidí le cobhsaíocht agus intuarthacht i dtimpeallacht an ghnó spáis; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir le húdaráis phoiblí tacú le deiseanna nua gnó a fhorbairt sa spás;

11. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an caiteachas agus a éifeacht iolraitheora maidir le taighde agus forbairt spáis agus na héifeachtaí dearfacha a bhíonn ag teicneolaíochtaí spáis ar gheilleagar na hEorpa i gcoitinne; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá tarraingteacht earnáil an spáis a mhéadú chun daoine tréitheacha agus lucht saothair oilte a mhealladh agus a choinneáil, ag tógáil ar bharr feabhais na scileanna agus na tallainne san Eoraip; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hiarrachtaí uas-scilithe agus athscilithe a mhéadú;

12. AITHNÍONN SÍ gur gá cabhrú le cinnteoirí agus le cuideachtaí sonraí spáis a phróiseáil ar bhealach níos tapa agus níos cruinne, agus léargais inghníomhaithe a dhéanamh d'fhaisnéis spáis; agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh rochtain leordhóthanach ag na húdaráis phoiblí ar na sonraí agus ar na cumais is gá chun beartais a chur chun feidhme agus chun seirbhísí a bhaineann leis an spás a chumasú leis an leibhéal neamhspleáchais, iontaofachta agus cost-éifeachtúlachta is gá; TUGANN SÍ DÁ hAIRE, thairis sin, an gá atá le sonraí spáis a bhainistiú agus a chosaint go héifeachtach, agus tiomantas don slándáil sonraí mar bhonn taca leis;

**III. An spás mar chnámh droma do ghníomhaíocht dhomhanda na hEorpa**

13. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá do GES, don Aontas Eorpach agus dá mBallstáit a ndícheall a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhairle leis an earnáil phríobháideach, rialacha domhanda forchéimnitheacha agus dea-chleachtais sa spás a bhaint amach, chun go mbeidh tionchar Eorpach agus seasamh láidir ann maidir le cúrsaí a bhaineann le rialachas domhanda spáis, lena n-áirítear timpeallacht spáis inbhuanaithe a chruthú; AITHNÍONN SÍ an ról lárnach atá ag caighdeáin chun tacú le spriocanna beartais maidir leis na cuspóirí a bhaineann leis an trádáil, an nuálaíocht agus an fás eacnamaíoch a chothú;

14. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi go gcuireann earnáil an spáis, a bhaineann tairbhe as an dlúthchomhar idir GES, an tAontas agus a mBallstáit faoi seach, feabhas ar sheasamh gheilleagar na hEorpa ar an leibhéal domhanda agus gur dlúthchuid í d'uathriail straitéiseach na hEorpa i ngeilleagar oscailte; TÁ SÍ AG SÚIL LE leathnú méadaithe earnáil spáis na hEorpa i dtreo deiseanna margaidh ar fud an domhain, lena n-áirítear trí chomhar domhanda níos fearr agus trí chomhpháirtíochtaí iontaofa;

15. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá na córais oibríochtúla spáis chun bonneagar criticiúil Eorpach agus náisiúnta a chosaint agus a oibriú go slán, cuir i gcás, na córais fuinnimh agus eangacha leictreachais, lena n-áirítear faireachán domhanda ar an aimsir sa spáis agus comhordú na mbeart coisctheach; AITHNÍONN SÍ a phráinní atá sé uathriail na hEorpa a fheabhsú maidir leis an tslándáil, an tsábháilteacht agus an athléimneacht sa spás agus tríd an spás; agus CUIREANN SÍ IN IÚL go láidir a thábhachtaí atá sé leanúint de bheith ag obair i gcomhar le chéile, i gcomhréir le hinniúlachtaí an Aontais, GES agus a mBallstát, chun na teicneolaíochtaí criticiúla, na cumais chriticiúla agus na slabhraí soláthair criticiúla a dhearbhú ar bhealach spriocdhírithe cothrom, chomh maith le tosaíochtaí soiléire a shainiú, agus treiseofar iomaíochas na hEorpa dá réir sin;

16. LEAGANN SÍ BÉIM, ar bhonn an Chreat-Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus GES agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit uile, ar a thábhachtaí atá sé cineálacha éagsúla comhair den chomhpháirtíocht straitéiseach GES-AE a threisiú d’fhonn geilleagar spáis Eorpach atá iomaíoch ar fud an domhain a chothú i margadh idirnáisiúnta atá an-dúshlánach, lena n-áirítear leas a bhaint as an gComhairle um an Spás chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus an comhordú a threisiú chun an Beartas Eorpach Spáis foriomlán a fhorbairt.